Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Oifigeach Cúnta

Spriocdháta: 21 Lúnasa 2023

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR sa tóir ar dhuine fuinniúil, spreagúil le tacú le Plean Teanga Chois Fharraige a chur i bhfeidhm.
Beidh an té a cheapfar fostaithe ag an bhFóram agus ag obair i gcomhar le hOifigeach Pleanála Teanga Chois Fharraige.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus/nó na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh
- Ardscileanna cumarsáide, áisitheoireachta, comhorduithe agus idirphearsanta
- Tuiscint ar chúrsaí pleanála teanga
- Eolas agus taithí ar earnáil na hóige
- Taithí ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an óige
- Taithí i bhfeidhmiú agus i gcur i gcrích tograí
- Lán-cheadúnas tiomána glan
- Taithí agus eolas ar chúrsaí teicneolaíochta: ardáin mheáin shóisialta (ar nós Twitter, Facebook agus Instagram), riaradh láithreán gréasáin (WordPress), foilsitheoireacht deisce agus mar sin de.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí an Fhóraim i sráidbhaile an Spidéil

Conradh trí bliana, ar féidir cur leis, atá i gceist. Tuarastal idir €23,565 agus €34,735 a íocfar ag braith ar thaithí.

Post lán-aimseartha an post seo. D'fhéadfadh uaireanta oibre taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oifige a bheith i gceist, obair thráthnóna san áireamh.

Is féidir tuilleadh sonraí faoin bpost a fháil ach glaoch ar 086-2732279 nó scríobh chuig ptchoisfharraige@gmail.com

Seol iarratas, mar aon le CV chuig ptchoisfharraige@gmail.com faoin 5.00 i.n 21 Lúnasa 2023

nó

An Rúnaí,
Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR,
Inis Fáil,
An Phríomhshráid,
An Spidéal
Co. na Gaillimhe.

Is féidir teacht ar an bplean teanga ag **https://coisfharraige.ie/pleanail-teanga/**